2027.M1S2T

2027L007G1IS2

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Scrúdú na hArdteistiméireachta
Sampla 2

# Sean-Ghréigis

## Gnáthleibhéal

## 2 uair 30 nóiméad

300 marc

**Scrúduimhir**

**Dáta Breithe**

Scríobh 3 Feabhra 2005
mar 03 02 05, mar shampla

**Stampa an Ionaid**

Ná scríobh ar an leathanach seo

## Treoracha

Scríobh do scrúduimhir agus do dháta breithe sna boscaí ar an gclúdach tosaigh.

Scríobh do chuid freagraí i bpeann gorm nó dubh.
Níl cead agat peann luaidhe a úsáid, lena n-áirítear pionsail dathadóireachta, **ach amháin** le haghaidh líníochtaí nó léaráidí.

Scríobh do fhreagraí go léir sna spásanna atá ann dóibh sa leabhrán seo. Tá spás freagartha breise ag deireadh gach roinne, agus spás le haghaidh obair gharbh ag deireadh an leabhráin. Lipéadaigh aon obair bhreise dá leithéid go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist.

Scanfar an leabhrán scrúdaithe seo agus cuirfear do chuid oibre i láthair an scrúdaitheora ar scáileán. Is féidir nach bhfeicfidh an scrúdaitheoir aon rud a scríobhfaidh tú taobh amuigh de limistéir na bhfreagraí.

Tá **dhá** roinn sa scrúdpháipéar seo.

**Roinn A: Príomhthéacs** **100 marc**

- Freagair na ceisteanna atá ann.

**Roinn B: Téacsanna Neamhfheicthe** **200 marc**

- Freagair na ceisteanna atá ann.

Tá na giorrúcháin thíos in úsáid sna gluaiseanna ar an scrúdpháipéar seo:

infin. = briathar infinideach

ainm. = tuiseal ainmneach

gairm. = tuiseal gairmeach

cusp. = tuiseal cuspóireach

gin. = tuiseal ginideach

tabh. = tuiseal tabharthach.

| Roinn A | Príomhthéacs | 100 marc |
|---|---|---|

Freagair Ceist 1 **agus** Ceist 2.

**Ceist 1** **70 marc**

Léigh Téacs A agus freagair **gach ceann** de na ceisteanna a leanas.
I dTéacs A, insíonn an Teachtaire faoi mar a spreag Iasón a bhean chéile nua, an banphrionsa Glauke, le glacadh leis na bronntanais ó leanaí Mhéidé.

**Téacs A**: *Méidé* le hEoiripidéas

Ἄγγελος: λέγων τάδ᾽· "οὐ μὴ δυσμενὴς ἔσῃ φίλοις,
παύσῃ δὲ θυμοῦ καὶ πάλιν στρέψεις κάρα,
φίλους νομίζουσ᾽ οὕσπερ ἂν πόσις σέθεν,
δέξῃ δὲ δῶρα καὶ παραιτήσῃ πατρὸς
φυγὰς ἀφεῖναι παισὶ τοῖσδ᾽ ἐμὴν χάριν;"
ἡ δ᾽, ὡς ἐσεῖδε κόσμον, οὐκ ἠνέσχετο,
ἀλλ᾽ ᾔνεσ᾽ ἀνδρὶ πάντα, καὶ πρὶν ἐκ δόμων
μακρὰν ἀπεῖναι πατέρα καὶ παῖδας σέθεν
λαβοῦσα πέπλους ποικίλους ἠμπέσχετο,
χρυσοῦν τε θεῖσα στέφανον ἀμφὶ βοστρύχοις
λαμπρῷ κατόπτρῳ σχηματίζεται κόμην,
ἄψυχον εἰκὼ προσγελῶσα σώματος.

**(a)** Cuir tic (✓) sa bhosca le tabhairt le fios an bhfuil gach ráiteas fíor **nó** bréagach.

| | | **Fíor** | **Bréagach** |
|---|---|---|---|
| **(i)** | Tá παῖδας (líne 8) sa tuiseal cuspóireach. | ☐ | ☐ |
| **(ii)** | Tagann παύσῃ (líne 2) ón mbriathar παύω. | ☐ | ☐ |
| **(iii)** | Is rangabhálacha iad λέγων (líne 1) agus νομίζουσ᾽ (líne 3) . | ☐ | ☐ |
| **(iv)** | Ainmfhocal baininscneach is ea στέφανον (líne 10) . | ☐ | ☐ |
| **(v)** | Tá στρέψεις (líne 2) san aimsir éigríochta. | ☐ | ☐ |

**(b)** Scríobh aistriúchán i nGaeilge le haghaidh línte 1-5 de Théacs A.

**(c)** Cad a rinne an banphrionsa i línte 9-12 de Théacs A? Déan cur síos ar **dhá** ghníomh **ar a laghad**.

**(d)** Déan cur síos ar an méid a tharlaíonn díreach tar éis na n-imeachtaí i dTéacs A.

**(e)** Comhlánaigh an tábla thíos leis an bhfoirm ainmneach uatha de gach ainmfhocal i dTéacs A **agus** a bhrí i nGaeilge. Tá an chéad cheann comhlánaithe duit.

| Ainmfhocal ó Théacs A | Ainmneach uatha | Brí i nGaeilge |
|---|---|---|
| θυμοῦ (líne 2) | θυμος | fearg |
| φίλοις (líne 1) | | |
| δῶρα (líne 4) | | |
| πατρὸς (líne 4) | | |
| ἀνδρὶ (líne 7) | | |
| σώματος (líne 12) | | |

**Ceist 2** **30 marc**

Léigh Téacs B agus freagair **ceann amháin** de na ceisteanna seo a leanas.
I dTéacs B, labhraíonn Méidé le cór na mban Corantach. Déanann sí gearán faoina cás mar bhean ón iasacht agus smaoiníonn sí ar dhíoltas.

**Téacs B**: *Méidé* le hEoiripidéas

Μήδεια: σοὶ μὲν πόλις θ᾽ ἥδ᾽ ἐστὶ καὶ πατρὸς δόμοι
βίου τ᾽ ὄνησις καὶ φίλων συνουσία,
ἐγὼ δ᾽ ἔρημος ἄπολις οὖσ᾽ ὑβρίζομαι
πρὸς ἀνδρός, ἐκ γῆς βαρβάρου λελῃσμένη,
οὐ μητέρ᾽, οὐκ ἀδελφόν, οὐχὶ συγγενῆ
μεθορμίσασθαι τῆσδ᾽ ἔχουσα συμφορᾶς.
τοσοῦτον οὖν σου τυγχάνειν βουλήσομαι,
ἤν μοι πόρος τις μηχανή τ᾽ ἐξευρεθῇ
πόσιν δίκην τῶνδ᾽ ἀντιτείσασθαι κακῶν
[τὸν δόντα τ᾽ αὐτῷ θυγατέρ᾽ ἥ τ᾽ ἐγήματο],
σιγᾶν. γυνὴ γὰρ τἄλλα μὲν φόβου πλέα
κακή τ᾽ ἐς ἀλκὴν καὶ σίδηρον εἰσορᾶν·
ὅταν δ᾽ ἐς εὐνὴν ἠδικημένη κυρῇ,
οὐκ ἔστιν ἄλλη φρὴν μιαιφονωτέρα.

**(a)** Cad é do thuairim i leith Mhéidé mar charachtar? Mínigh do fhreagra le tagairt do Théacs B **agus** do do staidéar ar *Méidé* le hEoiripidéas.

**NÓ**

**(b)** Tá na coincheapa thíos tábhachtach i dTéacs B. Roghnaigh **ceann amháin** de na coincheapa thíos agus freagair **gach ceann** de na ceisteanna a leanas faoi.

| | | | |
|---|---|---|---|
| δίκη (cóir) | ὕβρις (húbras) | βάρβαρος (eachtrannach) | φυγή (deoraíocht) |

**(i)** Cén tuiscint atá agat ar an gcoincheap seo ón tSean-Ghréig?

**AGUS**

**(ii)** Conas a chabhraíonn an coincheap seo linn dearcadh Mhéidé a thuiscint? Tig leat samplaí ó Théacs B agus ó radhairc eile ó *Méidé* le hEoiripidéas a úsáid le tacú le do fhreagra.

**AGUS**

**(iii)** An bhfuil an coincheap seo ábhartha do lucht féachana an lae inniu, dar leat? Mínigh do fhreagra.

Spás Pleanála Roghnach:

Freagra ar Cheist 2, cuid

Spás breise freagartha le haghaidh Roinn A:

| Roinn B | Téacsanna Neamhfheicthe | 200 marc |
|---|---|---|

Freagair Ceist 3, Ceist 4 **agus** Ceist 5.

**Ceist 3** **80 marc**

Léigh Téacs C agus freagair i nGaeilge **ocht gcinn ar bith** de na deich gceist seo a leanas. Bainean Téacs C le cás cúirte áit a bhfuil Euphiletus á thriall as leannán a mhná céile a mharú. I dTéacs C insíonn Euphiletus don chúirt faoi laethanta tosaigh a phósadh. Tá na focail atá i gcló trom tugtha in ord aibítre sa ghluais thíos.

**Téacs C**: bunaithe ar Lisias, *Ar Dhúnmharú Earatastainéas*

ἐγὼ γάρ, ὦ Ἀθηναῖοι, ἐπειδὴ **ἔδοξέ μοι γῆμαι** καὶ γυναῖκα ἤγαγον εἰς τὴν οἰκίαν, πρῶτον μὲν ἐφύλασσον αὐτὴν καὶ **προσεῖχον τὸν νοῦν** ὡς οἷός τε ἦν.

ἐπεί δέ μοι **παιδίον** ἐγένετο, ἐπίστευον τῇ γυναικὶ καὶ πάντα τὰ **πράγματα** ἐμαυτοῦ αὐτῇ **παρέδωκα**, **ἡγούμενος** ταύτην **οἰκειότητα βελτίστην** εἶναι. ἐν μὲν ἐκείνῳ τῷ χρόνῳ, ὦ Ἀθηναῖοι, πασῶν ἦν **βελτίστη**.

ἀλλ᾽ ἐπεὶ ἡ ἐμὴ μήτηρ **ἐτελεύτησε**, ἀποθανοῦσα αἰτία πάντων τῶν κακῶν μοι ἐγένετο. ἐπ᾽ **ἐκφορὰν** γὰρ αὐτῇ **ἀκολουθήσασα** ἡ ἐμὴ γυνὴ ὑπὸ τοῦ ἀνθρώπου **ὀφθεῖσα**, ὕστερον ὑπὸ αὐτοῦ διεφθείρετο.

ἀκολουθήσασα (+ tabh.) = ‘tar éis leanúint taobh thiar’
βέλτιστος, -η, -ον = is fearr
γῆμαι = infinid éigríochta de γαμέω
ἔδοξέ μοι = ‘socraím’
ἐκφορά, -ᾶς, ἡ = sochraid
ἡγούμενος = ‘ag smaoineamh’
οἰκειότης, οἰκειότητος, ἡ = pósadh, caidreamh
ὀφθεῖσα = ‘tar éis a bheith feicthe’
παιδίον, -οῦ, τό = leanbh
παρέδωκα (+ tabh.) = ‘thug mé ar láimh’
πρᾶγμα, -ατος, τό = cás, rud, cúrsa
προσεῖχον τὸν νοῦν = ‘choinnigh mé m’aird ar’
τελευτάω = síothlaigh, faighim bás

**(a)** I líne 1, cad a deir Euphiletus go ndearna sé?

ἐγὼ γάρ, ὦ Ἀθηναῖοι, ἐπειδὴ **ἔδοξέ μοι γῆμαι** καὶ γυναῖκα ἤγαγον εἰς τὴν οἰκίαν. (líne 1)

**(b)** I líne 2, conas a chaith Euphiletus lena bhean chéile?

πρῶτον μὲν ἐφύλασσον αὐτὴν καὶ **προσεῖχον τὸν νοῦν** ὡς οἷός τε ἦν. (líne 2)

**(c)** Cén uair a dtosaíonn Euphiletus ag cur muiníne ina bhean **agus** conas a thaispeáin sé an mhuinín seo di?

ἐπεί δέ μοι **παιδίον** ἐγένετο, ἐπίστευον τῇ γυναικὶ καὶ πάντα τὰ **πράγματα** ἐμαυτοῦ αὐτῇ **παρέδωκα**. (línte 3-4)

**(d)** Cad a dúirt Euphiletus ba chúis lena thrioblóidí?

ἀλλ᾽ ἐπεὶ ἡ ἐμὴ μήτηρ **ἐτελεύτησε**, ἀποθανοῦσα αἰτία πάντων τῶν κακῶν μοι ἐγένετο. (líne 6)

**(e)** Cad a bhain do le linn na sochraide?

ἐπ᾽ **ἐκφορὰν** γὰρ αὐτῇ **ἀκολουθήσασα** ἡ ἐμὴ γυνὴ ὑπὸ τοῦ ἀνθρώπου **ὀφθεῖσα**. (líne 7)

**(f)** Cén chomparáid atá idir an pósadh i dTéacs C agus pósadh Iasón agus Mhéidé?

**(g)** Cad is féidir linn a fhoghlaim ó Théacs C faoi nósanna, luachanna nó dearcthaí lucht na Sean-Ghréige bainteach le **ceann amháin** díobh seo?

| sochraidí; | pósadh; | adhaltranas. |
|---|---|---|

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**(h)** Sainaithin **dhá** fhocal i dTéacs C sa tuiseal cuspóireach. Mínigh an fáth a bhfuil gach focal acu sa tuiseal sin.

| Focal Sean-Ghréigis 1: | Míniú: |
|---|---|
| | |
| Focal Sean-Ghréigis 2: | Míniú: |
| | |

**(i)** Comhlánaigh an tábla thíos agus breac isteach sampla de gach cineál focail ó Théacs C. Tá an chéad cheann comhlánaithe duit.

| Cineál focail | Focal Sean-Ghréigis ó Théacs C |
|---|---|
| briathar san infinideach | εἶναι |
| forainm | |
| réamhfhocal | |
| cónasc | |

*Leantar leis an gceist seo ar an gcéad leathanach eile.*

**(j)** Tabhair an chéad phearsa uatha san aimsir láithreach le haghaidh na mbriathra seo a leanas. Tá an chéad cheann comhlánaithe mar shampla duit.

| Briathar i dTéacs C | Céad Phearsa Uatha an Bhriathair |
|---|---|
| ἤγαγον (líne 1) | ἀγω |
| ἐφύλασσον (líne 2) | |
| ἐγένετο (líne 3) | |
| ἐπίστευον (líne 3) | |

**Ceist 4** **85 marc**

Freagair (a) **agus** (b).

**(a)** Aistrigh Téacs D go Gaeilge. Baineann Téacs D le Athamas, rí i mBéóitia. Insítear ann faoin gcaoi ar bheartaigh dara bean Athamas, Ino, comhcheilg in aghaidh a chuid mac. Tá na focail atá i gcló trom tugtha in ord aibítre sa ghluais thíos.

**Téacs D**: bunaithe *ar Leabharlann* le Apollodorus.

ὁ μὲν **Ἀθάμας** βασιλεὺς ἦν πόλεως μεγάλης ἐν **Βοιωτίᾳ**. ὁ δὲ βασιλεὺς **ἔγημε** τὴν **Νεφέλην**, ἣ τέκνα καλὰ δύο ἔσχεν. ἡ μὲν οὖν **Νεφέλη** ἀπέθανεν, ὁ δὲ **Ἀθάμας ἔγημε** γυναῖκα ἄλλην ὀνόματι **Ἰνώ**. ἡ δὲ **Ἰνώ**, οὖσα κακὴ γυνή, οὐκ ἐφίλησε τὰ τῆς **Νεφέλης** τέκνα καὶ ἤθελεν **ἀποκτεῖναι** αὐτά. ἐπεὶ δὲ **λιμὸς** δεινότατος ἦν ἐν τῇ γῇ, ἡ **Ἰνώ** τὸν βασιλέα ἐκέλευσε **θύειν** τὰ τέκνα τοῖς θεοῖς. “εἰ τὰ τέκνα σοῦ **θύσεις**,” ἔφη, “τὸν **λιμὸν** παύσεις.”

Ἀθάμας, -αντος, ὁ = Athamas
ἀποκτεῖναι = infinideach éigríochta de ἀποκτείνω
Βοιωτία, -ας, ἡ = Bóéitia
ἔγημε = aimsir éigríochta de γαμέω
θύω = íobraím
Ἰνώ, -οῦς, ἡ = Ino
λιμός, -οῦ, ὁ = gorta
Νεφέλη, -ης, ἡ = Nephele

Spás Pleanála Roghnach:

**(b)** Cad a d'fhoghlaim tú faoi dhearcaí lucht na Sean-Ghréige i leith leanaí? I do fhreagra, tig leat tagairt do Théacs C, Théacs D, *Méidé* le hEoiripidéas **agus/nó** téacs ar bith eile sa tSean Ghréigis.

**Ceist 5** **35 marc**

Pléigh do rogha téacs Sean-Ghréigise **agus** mínigh an fáth arb é do rogha é. I do fhreagra féadfaidh tú **aon** téacs Sean-Ghréigise a ndearna tú staidéar air, Téacs C, Téacs D **nó** *Medea* le hEoiripidéas san áireamh.

| Ainm/ Teideal an téacs: |
|---|
| Údar (má tá sé ar eolas): |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

Spás breise freagartha le haghaidh Roinn B:

Obair Gharbh:

Ná scríobh ar an leathanach seo

Ná scríobh ar an leathanach seo

**Fógra cóipchirt**
D’fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt orthu, agus d’fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críoch an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir alt 53(5) den Acht Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar, 2000. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche a bhfuil sé beartaithe chuici. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh nó úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú na hArdteistiméireachta – Gnáthleibhéal

# Sean-Ghréigis

Sampla 2

2 uair 30 nóiméad